Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**13392/25**

**SOC 633**
**ANTIDISCRIM 89**
**FREMP 256**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cearta daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn san Aontas: dúshláin, dul chun cinn agus an treo a rachfar amach anseo<br>- *Seisiún tuairimíochta* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an nóta stiúrtha ón Uachtaránacht maidir leis an ábhar thuasluaite, ag féachaint don seisiún tuairimíochta a thionólfar sa Chomhairle (EPSCO) an 17 Deireadh Fómhair 2025.

## Cearta daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn san Aontas: dúshláin, dul chun cinn agus an treo a rachfar amach anseo

### *Réamhrá*

Tá an tAontas Eorpach fothaithe ar luachanna an mheasa ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an gcomhionannas agus ar an meas ar chearta bunúsacha. Tráth a bhfuiltear ag ceistiú agus ag conspóid na luachanna sin níos minice in go leor áiteanna ar domhan, is go diongbháilte a bhíonn an tAontas Eorpach i gcónaí agus tacaíocht á tabhairt aige don chuimsiú, don chomhionannas agus do chosaint chearta an duine.

Ní hamháin go bhfuil cur chun cinn an neamh-idirdhealaithe agus comhionannais deiseanna do chách – lena n-áirítear do dhaoine faoi mhíchumas – ríthábhachtach chun ár gcroíluachanna a chothú ach ina theannta sin tá sé ríthábhachtach chun fás cuimsitheach a chothú agus iomaíochas agus athléimneacht fhadtéarmach ár ngeilleagair a neartú. Téann sochaí chuimsitheach chun tairbhe do chách agus cuireann sí le hAontas níos nuálaí, níos comhtháite agus níos táirgiúla. Ós amhlaidh atá, ní hamháin gur freagracht mhorálta é acmhainneacht daoine faoi mhíchumas a fhíorú go hiomlán ach is riachtanas sóisialta agus eacnamaíoch é freisin.

I bhfianaise na saincheisteanna sin, tá sé ríthábhachtach i gcónaí cearta daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn i ngach réimse beartais agus cur chun feidhme éifeachtach ghealltanais an Aontais mar a leagtar amach thíos a áirithiú.

### *Comhthéacs*

Leis an **Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030**, cuirtear creat beartais cuimsitheach ar fáil chun cearta daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn. Glacadh an Straitéis in 2021 agus tacaíonn sí le cur chun feidhme iomlán **Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD)**, a bhfuil an tAontas agus na Ballstáit uile ina bpáirtithe ann. Léirítear ann na prionsabail a leagtar amach i g**Colún Eorpach na gCeart Sóisialta**, go háirithe Prionsabal 3 (comhionannas deiseanna) agus Prionsabal 17 (cuimsiú daoine faoi mhíchumas).

Seoladh roinnt tionscnamh suaitheanta ar leibhéal an Aontais faoin Straitéis, lena n-áirítear:

- An **Treoir maidir le Cárta Míchumais Eorpach**, arb é is aidhm di saorghluaiseacht daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn trí rochtain chomhionann a dheonú ar choinníollacha speisialta agus ar chóir fhabhrach a thairgtear do dhaoine faoi mhíchumas ar fud an Aontais;

- An t**Ardán Míchumais**, lena gcuirtear fóram ar fáil le haghaidh comhair agus malartú dea-chleachtais idir na Ballstáit, an tsochaí shibhialta agus institiúidí an Aontais a mhéid a bhaineann le míchumas;

- **AccessibleEU**, lárionad acmhainní lena n-éascaítear comhroinnt faisnéise agus samplaí dea-chleachtais maidir le hinrochtaineacht ar fud na n-earnálacha; agus

- **Treoir maidir le maireachtáil neamhspleách agus cuimsiú daoine faoi mhíchumas sa phobal i gcomhthéacs chistiú an Aontais**, lena n-áirítear moltaí maidir le feabhas a chur ar thacaíocht phobalbhunaithe agus ar dhí-institiúidiú.

***Na dúshláin***

Cé gur dul chun cinn suntasach iad na hiarrachtaí sin, tá bacainní móra fós ann. Tá bacainní struchtúracha, forleathana fós roimh dhaoine faoi mhíchumas ar fud an Aontais Eorpaigh i réimsí éagsúla den saol – lena n-áirítear oideachas, fostaíocht, rochtain ar sheirbhísí, agus maireachtáil neamhspleách. Tá méadú tagtha ar thaithí ar idirdhealú a féintuairiscíodh le 5 bliana anuas i roinnt Ballstát (Eorabharaiméadar[1]). Ag an am céanna, níor tháinig laghdú suntasach ar líon na ndaoine faoi mhíchumas a bhfuil cónaí orthu i suíomhanna institiúideacha nó fiú, i gcásanna áirithe, tháinig méadú air le 10 mbliana anuas (Eurofound[2]), rud a léiríonn na bacainní leanúnacha atá ann ar chórais tacaíochta phobalbhunaithe chuimsitheacha, inrochtana a bhunú. Tá bacainní dlíthiúla fós roimh roinnt daoine faoi mhíchumas a bhíonn srianta go minic ó thaobh a n-inniúlachta dlíthiúla de nó a bhfuil a n-inniúlacht dhlíthiúil bainte díobh. In ainneoin an dul chun cinn atá déanta, is dúshlán fós é rochtain éifeachtach ar fhaisnéis, ar tháirgí agus ar sheirbhísí a áirithiú. Is bacainní ar rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas sa phróiseas daonlathach iad srianta ar inniúlacht dhlíthiúil, chomh maith le hinrochtaineacht theoranta.

Thairis sin, tá daoine faoi mhíchumas fós faoi ghannionadaíocht shuntasach sa mhargadh saothair: shroich an bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas 24 phointe céatadáin in 2024 agus bhí thart ar 51 % de dhaoine faoi mhíchumas idir 20 agus 64 bliana d’aois fostaithe le hais 75 % de dhaoine nach bhfuil faoi mhíchumas (Scórchlár Sóisialta). Ina theannta sin, tá daoine faoi mhíchumas fós i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta i bhfad níos airde i gcomparáid le daoine nach bhfuil faoi mhíchumas (Eurostat, EU-SILC).

---

[1] Eorabharaiméadar Speisialta 535 Aibreán-Bealtaine 2023 *Discrimination in the European Union* [Idirdhealú san Aontas Eorpach], Idirdhealú san Aontas Eorpach – Nollaig 2023 – Suirbhé Eorabharaiméadair

[2] Eurofound (2024), *Paths towards independent living and social inclusion in Europe* [Conairí i dtreo maireachtáil neamhspleách agus cuimsiú sóisialta san Eoraip], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg.

Sa bhreis ar na dúshláin leanúnacha atá ann, tá bearnaí fós ann i reachtaíocht i gcoinne an idirdhealaithe san Aontas, lena n-áirítear ar fhorais mhíchumais. Tá bac fós á chur ar an gcaibidlíocht leanúnach i ndáil leis an **Treoir maidir le Cóir Chomhionann Chothrománach** atá beartaithe, a tíolacadh in 2008, mar gheall ar an dúshlán a bhaineann leis an gceanglas aontoilíochta a chomhlíonadh.

***Cuspóir an tseisiúin tuairimíochta***

Léiríonn na dúshláin sin gur gá cur chun feidhme beartas agus athchóirithe a neartú ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, chomh maith le hidirphlé leanúnach ar an leibhéal polaitiúil. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin faoi láthair, ós rud é gurb é 2025 an lárphointe i gcur chun feidhme na Straitéise. Is mithid anois measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn agus dlús a chur le gníomhaíocht.

Iarrtar ar na hairí, dá bhrí sin, an dul chun cinn a rinneadh le linn an chéad leath (2021-2025) den Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030 a mheas, an dul chun cinn atá déanta agus na bacainní atá fós ann a shainaithint, agus plé a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a dhéanamh chun cearta daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn. Ba cheart do na léargais sin fónamh mar ionchur don dara leath den Straitéis, ag tacú le hiarrachtaí leanúnacha chun an obair sa réimse beartais tábhachtach seo a chur chun cinn ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon.

I bhfianaise an chúlra sin, iarrtar ar na hairí na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt:

*1. I do thuairim, cad iad na bearta agus na huirlisí beartais is tábhachtaí chun cearta daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn? Cé na réimsí ina bhfuil na dúshláin is práinní?*

*2. Cad iad na príomhthosaíochtaí ba cheart a bheith sa dara leath (2025–2030) den Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas? Conas is féidir leis an Straitéis tacú ar bhealach níos éifeachtaí le hathchóirithe náisiúnta agus le reachtaíocht agus beartais a bhaineann le míchumas a chur chun feidhme?*